



Folúntas: Saineolaí Sinsearach - Galair nua agus Galair Veicteoir-iompartha

Aonad: Tacaíocht Faireachais agus Freagartha

Tagairt: (ECDC/AD/2016/SRS-SEEVD)

Iarrtar iarratais ar an bpost thuasluaite mar Ghníomhaire Sealadach sa Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC).

Cur síos ar an bpost

Beidh sealbhóir an phoist freagrach don Cheannaire Grúpa Ullmhachta AE sa Rannán Eolais agus Freagartha Eipidéime, agus é nó í ag obair i ndlúthchomhar le comhordaitheoir an chláir galar-shonrach maidir le Galair nua agus Galair Veicteoir-iompartha (EVD).

Is é cuspóir an phoist saintacaíocht a chur ar fáil i gcomhair ghníomhaíochtaí EVD an Aonaid, ag díriú go háirithe ar chosaint sláinte poiblí, rialú agus freagairt.

Beidh sé nó sí freagrach as na réimsí oibre seo:

- Tacaíocht a chur ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí faireacháin agus rialaithe EVD, agus forbairt a dhéanamh orthu;
- Tionscadail a bhunú agus a bhainistiú chun cur leis an bhfianaise a úsáideann comhairleoirí beartais an Choimisiúin agus na mBallstát chun cabhrú leo a gcuid freagraí in aghaidh EVD a phleanáil agus tuiscint níos fearr a chothú ar an staid reatha eipidéimeolaíoch san AE/LEE;
- Staidéir eolaíocha ar EVD a thionscnamh, a sheoladh agus/nó a mhaoirsiú, lena n-áirítear tacaíocht saotharlainne, trí chonarthaí a thairiscint, a bhainistiú agus a sheiceáil chun comhairle agus treoir eolaíoch a chur ar fáil maidir le cosc agus rialú EVDanna;
- Rannchuidiú chun measúnuithe gasta ar riosca a ullmhú sa réimse EVD;
- Comhairle a chur ar na Ballstáit maidir le ceistanna a bhaineann le EVDanna;
- Caidrimh a fhorbairt agus a chothú le haonaid chuí an Choimisiúin, institiúidí eile an AE, an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, eagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta ábhartha agus le príomh-gheallsealbhóirí eile idirnáisiúnta a bhfuil baint acu le cosc agus rialú EVD;
- Rannchuidiú chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar straitéis an Lárionaid maidir le EVDanna;
- Rannchuidiú le dualgais agus misin freagartha maidir le himeachtaí EVD;
- Cur le gníomhaíochtaí eile an ECDC de réir mar is gá, sa réimse saineolais atá aige/aici;
- A bheith páirteach i gcóras dualgais 24/7 de chuid ECDC.

Na cáilíochtaí agus an taithí atá ag teastáil

A. Riachtanais fhoirmiúla

Chun a bheith i d'iarrthóir incháilithe, ní mór duit sraith riachtanas foirmiúil a chomhlíonadh. Is iad seo a leanas na riachtanais sin:

- Leibhéal oideachais a chomhfhreagraíonn do staidéar críochnaithe ollscoile atá fianaithe le diplóma sa chás go maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile ceithre bliana nó níos mó, nó leibhéal oideachais a chomhfhreagraíonn do staidéar críochnaithe ollscoile atá fianaithe le diplóma agus taithí ghairmiúil ábhartha bliain amháin ar a laghad sa chás go maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile trí bliana ar a laghad¹;
- Taithí ghairmiúil 9 mbliana ar a laghad² (tar éis bhronnadh an diplóma);
- Eolas críochnúil ar cheann amháin de theangacha na gComhphobal agus eolas sásúil ar theanga eile de chuid na gComhphobal, a mhéid is gá chun na dualgais a bheidh air nó uirthi a chomhlíonadh³;
- Náisiúntacht de Bhallstát an AE nó den Iorua, den Íoslainn nó de Lichtinstéin;
- A bheith i dteideal a c(h)eart iomlán mar shaoránach⁴;
- Aon oibleagáidí a fhorchuirtear leis na dlíthe is infheidhme ar sheirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige nó aici;
- Na riachtanais charachtair maidir leis na dualgais atá i gceist a chomhlíonadh; agus
- A bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh.

B. Critéir roghnúcháin

Tá *critéir riachtanacha* maidir le *taithí ghairmiúil* agus *tréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta* sainaitheanta againn mar chritéir cháilitheacha don phost seo. Is iad sin:

Taithí ghairmiúil/eolas gairmiúil:

- Taithí ghairmiúil 5 bliana ar a laghad a gnóthaíodh i bpoist a bhaineann leis an gcur síos ar an bpost;
- Céim ollscoile sna heolaíochtaí beatha, go háirithe i réimse na sláinte poiblí, san eipidéimeolaíocht, micribhitheolaíocht, feithideolaíocht, tréidliacht, cógaisíocht nó réimse eile gaolmhar;

¹ Ní bhreithneofar ach diplómaí agus teastais a bronnadh i mBallstáit an AE nó lena mbaineann teastais chomhionannais arna n-eisiúint ag údaráis sna Ballstáit sin

² Cuirtear seirbhís mhíleata éigeantach san áireamh i ngach cás.

³ Chun a bheith incháilithe d'ardú céime trí chleachtadh bliantúil ardú céime, ní mór do bhaill foirne eolas oibre a bheith acu ar thríú teanga AE freisin, faoi mar a shonraítear sna Rialacháin Foirne agus na Rialacha Cur Chun Feidhme is infheidhme.

⁴ Sula gceapfar é nó í, iarrfar ar an iarrthóir rathúil deimhniú ó na póilíní a chur ar fáil lena léireofar nach bhfuil aon taifead coiriúil aige nó aici.

- Taithí léirithe ag bainistiú tionscadal mór, ina bhfuil páirtithe agus geallsealbhóirí éagsúla páirteach;
- Ceannasaíocht eolaíoch arna léiriú le foilseacháin eolaíocha in irisleabhair phiarmheasúnaithe;
- Tuiscint an-mhaith ar ghnéithe agus saincheistean sláinte poiblí a bhaineann le EVD;
- Sárthuiscint ar Bhéarla, idir scríofa agus labhartha;

Tréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta:

- Scileanna cumarsáide béil agus scríofa den scoth;
- An-chumas chun oibriú i bhfoirne agus dlúthchaidrimh oibre a chothú;
- An cumas chun daoine eile a chumhachtú, a spreagadh agus ceannaireacht a thabhairt;
- An cumas oibriú faoi bhrú agus freagrachtaí a bhainistiú;
- Sárscileanna anailíse;
- A bheith dírithe ar ardchaighdeán a bhaint amach agus ar sheirbhís a chur ar fáil.

Tá an taithí agus na scileanna a bheadh ina mbuntáiste don phost aitheanta againn freisin. Is iad sin:

- Oiliúint san eipidéimeolaíocht allamuigh;
- Taithí i mbriseadh amach galar EVD a bhrath agus a imscrúdú;

Ag brath ar an líon iarratas a gheofar, d'fhéadfadh an coiste roghnóireachta riachtanais níos doichte a chur i bhfeidhm laistigh de na critéir roghnúcháin atá luaite thuas.

Ceapadh agus coinníollacha fostaíochta

Ceapfar an sealbhóir poist bunaithe ar ghearrliosta a mholfaidh an Coiste Roghnóireachta don Stiúrthóir. Is ar an bhfógra folúntais seo a bheidh an moladh ón gCoiste Roghnóireachta bunaithe. B'fhéidir go n-iarrfaí ar iarrthóirí dul faoi thástálacha scríofa. Ba cheart d'iarrthóirí tabhairt faoi deara go bhféadfaí an togra a fhoilsiú agus nach ionann ainm a bheith ar an ngearrliosta agus duine a earcú. Déanfar an gearrliosta iarrthóirí a ullmhú tar éis próiseas roghnúcháin oscailte.

Earcófar an t-iarrthóir mar Ghníomhaire Sealadach, de bhun Airteagail 2f) de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile na gComhphobal Eorpach ar feadh tréimhse cúig bliana, ar tréimhse í a d'fhéadfaí a athnuachan. Déanfar an ceapachán ag grád **AD 8**.

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go gceanglaítear le rialacháin foirne AE go gcuirfeadh gach ball foirne nua tréimhse promhaidh i gcrích go rathúil.

Le tuilleadh faisnéise a fháil faoi na coinníollacha conarthacha agus oibre, féach Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile na gComhphobal Eorpach, atá ar fáil ag an nasc seo a leanas:

http://ecdc.europa.eu/en/aboutus/jobs/Documents/Staff_Regulations_2014.pdf

Beidh an post lonnaithe i Stócólm, áit a gcuireann an Lárionad a chuid gníomhaíochtaí i gcrích.

Liosta ionadaithe

D'fhéadfadh go ndéanfaí liosta ionadaithe a chruthú agus a úsáid chun críocha earcaíochta sa chás go dtiocfadh folúntais den chineál céanna chun cinn. Beidh an liosta sin bailí go dtí 31 Nollaig sa bhliain ina dtiteann an spriocdháta le haghaidh iarratas. Féadfar síneadh ama a chur leis an tréimhse sin.

Nós imeachta chun iarratas a dhéanamh

Chun iarratas a chur isteach, seol iarratas comhlánaithe le do thoil chuig Recruitment@ecdc.europa.eu, agus tagairt an fholúntais agus do shloinne á lua go soiléir agat i líne ábhair an ríomhphoist.

Chun a chinntiú go mbeidh d'iarratas bailí, ní mór duit gach cuid riachtanach den fhoirm iarratais a chomhlánú. Ba cheart an fhoirm iarratais a chur isteach i bhformáid Word nó PDF. B'fhearr í a bheith comhlánaithe i mBéarla⁵. Measfar aon iarratais neamhiomlána a bheith neamhbhailí.

Is féidir an fhoirm iarratais ón ECDC a fháil ar ár láithreán gréasáin anseo: <http://ecdc.europa.eu/en/aboutus/jobs/Pages/JobOpportunities.aspx>

Tá an spriocdháta le haghaidh iarratais a chur isteach, tuilleadh faisnéise faoi stádas an nós imeachta roghnúcháin seo agus tuilleadh faisnéise faoin bpróiseas earcaíochta ar fáil ar ár láithreán gréasáin. Is féidir teacht ar an méid sin tríd an nasc thuas a leanúint.

Mar gheall ar an líon mór iarratas a gheofar, ní thabharfar fógra ach amháin d'iarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh.

⁵ Rinneadh an fógra iarratais seo a aistriú go gach ceann de 24 theanga oifigiúla AE ón mbunleagan Béarla. Ós rud é gurb é Béarla an phríomhtheanga a úsáidtear in oibríochtaí laethúla na Gníomhaireachta, b'fhearr leis an ECDC an t-iarratas a fháil i mBéarla.